Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Bealtaine 2021**
**(OR. en)**

**8450/21**

**MI 309**
**POLARM 2**
**CFSP/PESC 453**
**COARM 87**
**DELACT 90**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 6862/21 + ADD 1 - C(2021) 1433 |
| Ábhar: | Treoir Tarmligthe (AE) ón gCoimisiún lena leasaítear Treoir 2009/43/CE maidir le liosta na dtáirgí a bhaineann le cosaint a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le Liosta Comhchoiteann Míleata nuashonraithe an Aontais Eorpaigh an 17 Feabhra 2020<br>- Rún gan cur i gcoinne an ghnímh tharmligthe |

1. An 5 Márta 2021, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle an dréacht-Treoir Tarmligthe thuasluaite lena leasaítear, de bhun Airteagal 13 agus Airteagal 13(a) de Threoir 2009/43/CE[1], an Iarscríbhinn a ghabhann léi.

   Is de chineál teicniúil an Iarscríbhinn agus ní mór di a bheith i gcomhfhreagairt dhocht le Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh, arb é an dáta deiridh a thug an Chomhairle cothrom le dáta é an 17 Feabhra 2020. Ní dhearnadh an Iarscríbhinn a ailíniú fós leis an leasú is déanaí ar an Liosta Comhchoiteann Míleata. Is gá sin a dhéanamh trí ghníomh tarmligthe a ghlacadh.

[1] Treoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 6 Bealtaine 2009 lena simplítear téarmaí agus coinníollacha aistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Chomhphobal (IO L 146, 10.6.2009, lgh. 1-36); Leagan comhdhlúite reatha - 26/7/2019;

2. De bhun Airteagal 13a (4), téitear i mbun comhairliúchán le saineolaithe ar aistrithe táirgí an Aontais a bhaineann le cosaint arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir le pointí 6 agus 10 den Iarscríbhinn a ghabhann le Comhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[2]. Tugadh cuireadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle páirt a ghlacadh sa ghrúpa saineolaithe, agus chuathas i gcomhairle leis na geallsealbhóirí uile.

3. Leasaíodh Treoir 2009/43/CE le Rialachán (AE) 2019/1243 [3] lena ndéantar roinnt gníomhartha dlí lena ndéantar foráil maidir le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a oiriúnú d'Airteagail 290 agus 291 CFAE[4].

4. An 9 Márta, iarradh ar na toscaireachtaí a léiriú faoin 5 Bealtaine 2021 má bhí sé i gceist acu cur i gcoinne an dréachtrialacháin tarmligthe thuasluaite. Níor tharraing aon toscaireacht aon fhorais ábhartha anuas le cur ina choinne. Rachaidh an spriocdháta oifigiúil 3 mhí in éag an 6 Meitheamh 2021.

5. I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle a dhearbhú nach bhfuiltear ag cur i gcoinne an dréachtrialacháin tarmligthe, mar a leagtar amach in 6862/21 + ADD 1 é, mar mhír gan phlé ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

---

2 IO L 123, 12.5.2016, lch. 1;

3 Rialachán (AE) 2019/1243 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena ndéantar roinnt gníomhartha dlí lena ndéantar foráil maidir le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a oiriúnú d'Airteagail 290 agus 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (IO L 198, 25.7.2019, lgh. 241-344);

4 Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, (IO C 326, 26.10.2012, lgh. 47-390).